Eoghan Ó Cruadhlaoich,
Comhchoiste na Gaeilge

12 Aibreán 2022

Eoghan, a chara,

Go raibh maith agat as ucht do litir ar an 7 Aibreán 2022 agus d'Aengus Ó Snodaigh, Cathaoirleach an Chomhchoiste as cuireadh a thabhairt domh labhairt ar an 29 Meitheamh 2022 ag 1:30 i.n.

Tá mórán ráite agus scríofa cheana agam fá spreagadh foilsitheoireacht na Gaeilge ach faraor tá mé i ndiaidh cúpla obráid a bheith agam ar mhogall mo shúile agus níl deireadh agam le dochtúirí go fóill. Mar sin, níor mhaith liom dul sa seans agus aon ghealltanas a thabhairt. Mar sin, is trua liom nach dtig liom glacadh leis an chuireadh aitheasc a ullmhú agus a […], a Eoghain, ar an 29 Meitheamh 202..

Mar scríbhneoir lánaimseartha ó 1993 (liosta leabhar istigh), tá an-spéis agam san ábhar agus thig liom cuidiú le hAengus ar aon bhealach, dhéanfainn mo dhícheall ag brath ar an tsláinte. Tá píosa leis seo ar fáil in irisí Gaeilge – réamhrá do leabhar gearrscéalta a foilsíodh in [2016/2018]. Bhí […] mhór déanta i ndáiliú leabhar ach roimh an fhiabhras seo, bhuail mé le cailín ó ÁIS [Lisa/ Rita] Nic Dhonnacha a rinne obair an-éifeachtach i dTír Chonaill agus is cóir airgead a chaitheamh ar an deis a thabhairt féachaint air sin.

Obair thairbheach atá i gceist agaibh agus tá súil agam go gcuirfear airgead ar fáil ina leith.

Le meas,
Pádraig Ó Baoighill

**Nótaí a scríobhadh ar thaobh an leathanaigh (leathanach 12)**

<u>Dáiliú Leabhar</u>

Nuair a bhí Tomás MacGabhann ag obair do Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge sna luath caogaidí, bhí veain aige le leabhair Ghaeilge scríofa air. Chuaigh sé thart ag na Coláistí Gaeilge uilig. Is cuimhneach liom é 300 nó 400 leabhar a dhíol i gColáiste Bhríde, Rann na Feirste in 1953.

Is gléas díolta nua mar sin a […] agus tá mórán siopaí ann ar spéis leo leabhair Ghaeilge. Caithfear dul sa treo seo ó thaobh díolacháin agus airgead a chur ar leataobh d'athchothú na scríbhneoirí.

Comhchoiste
na Gaeilge

Eoghan a chara,

Go raibh maith agat as ucht do litir 1-4-22 agus ba mhaith liom go dtabharfaí buíochas do Aonghus Ó Snodaigh Cathaoirleach an Chomhchoiste as cuireadh a [illegible] ar an 29/6/22 1.30 p.m. [illegible] [illegible].

Tá [illegible] agus [illegible] [illegible] [illegible] chomh [illegible] [illegible] [illegible] na Gaeilge ach [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] cúpla [illegible] agus [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] go [illegible]. Mar sin [illegible] [illegible] [illegible] sa [illegible] agus [illegible] [illegible] [illegible] [illegible]. [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] 29-6-22 [illegible] [illegible] [illegible] agus [illegible] [illegible] lán-aimseartha.

Mar [illegible] [illegible] [illegible] [illegible]) [illegible] ó 1993 ( [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] agus [illegible] [illegible] an [illegible] agam [illegible] [illegible] le [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible]. [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] Gaeilge [illegible] le [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] i 2018 ach [illegible] [illegible] ó A.S. [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] agus is [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] [illegible] go [illegible] [illegible] [illegible] agam go [illegible] [illegible] an [illegible].

[illegible],
Pádraig Ó [illegible]

Na h-Irisí Gaeilge

# RÉAMHRÁ

An Capall Dubh agus scéalta eile 2018

GAN NA hIRISÍ GAEILGE, ní dóiche go mbeadh an deis agamsa tabhairt faoin chnuasach seo, an tríú leabhar gearrscéalta uaim. Tháinig an *Coileach Troda* amach i 1993, agus *Srathóg Feamnaí agus scéalta eile* in 2001. Ba é Roibeard Mac Góráin, nuair a bhí sé ina eagarthóir ar *Comhar*, a spreag chun scríbhneoireachta mé tús na 1950idí. Mhol an tAthair Seosamh Mac Guidhir domh scríobh do *An tUltach* ina dhiaidh sin, agus is dóigh liom gurb é Micheál Ó Máirtín, nuair a bhí sé ina eagarthóir ar an iris sin, a ghlac an chéad ghearrscéal uaim. Measaim gur Séamas Ruiséal a bhí i mbun *Feasta* nuair a chuir mé gearrscéalta ar fáil don iris sin. Nuair a bhí Ciarán Ó Pronntaigh ina eagarthóir ar *Lá*, chuir sé béim ar an obair chruthaíoch a chur chun cinn agus bhí gearrscéalta i gcló agam sa nuachtán sin, páipéar nár chóir a ligint le sruth. Tá Ciarán ag déanamh obair éifeachtach mar eagarthóir ar *An tUltach* go fóill.

Thug na hirisí seo spreagadh iontach do scríbhneoirí, mar a thug *Irisleabhar na Gaeilge* ó 1882 agus *An Claidheamh Solais* ó 1899, "suaitheantas luachmhar do ré na Nua Ghaeilge", mar a deir Regina Ní Chollatáin: "Ré nua i Stair na hÉireann agus i Stair na Gaeilge ag tús an fichiú aois, agus baineadh úsáid as coincheap na hiriseoireachta mionteanga mar chuid den spiorad náisiúnach a bhí ag borradh chun léitheoirí a mhealladh" (*An tUltach*, 2017). Measaim go bhfuil na trí iris atá fágtha, *An tUltach*, *Comhar* agus *Feasta*, chomh maith le iris bheag snasta *An Timire*, ag leanstan de na cuspóirí sin, agus is trua nach bhfuil tuilleadh acu ann.

Cuireann sin i gcuimhne domh iris eile a ligeadh le fán, *Deirdre*, iris na mban a chuir Gearóid Ó Cuinneagáin le chéile ar a chonlán féin ar feadh blianta fada. Bhí an-éagsúlacht ábhair san iris seo, agus thar aonduine eile ba eisean a

choinnigh mise ag scríobh nuair a tháinig sé chugam in oifigí Ghael-Linn sna 1970idí is sna 1980idí ag lorg altanna ar ábhair ar mheas sé mé a bheith eolach orthu. D'ainneoin go raibh mórán cúraimí orm ag an am sin, tá áthas orm gur éirigh liom ábhar a chur ar fáil dó ó am go ham ó na 1960idí go deireadh.

Ba mhór an obair a rinne Conradh na Gaeilge sna blianta tosaigh i bhfoilsiú leabhartha Gaeilge, rud a spreag scríbhneoirí an ama sin i mbun pinn. Is bocht an scéal é na laethe seo nach bhfuil na húdaráis atá freagrach as litríocht na Gaeilge a chur chun cinn ag leanstan den traidisiún sin. Chomh maith le imeacht *Lá*, ligeadh an nuachtán seachtainiúil *Inniu* le sruth, agus ba mhór an chaill é. D'imigh na nuachtáin *Foinse* agus *Gaelscéal*, a bhí ag cur ábhar fiúntach ar fáil ar bheagán foirne. Cá mhéad eile a d'imigh thar na blianta, ach b'fhéidir ar chúiseanna eile? *Amárach*, *Anois*, *Ar Aghaidh*, *Rosc*, *Agus*, agus *Goitse* a bhí i nGaeltacht Thír Chonaill ar na moillibh, agus níor chuir mé an chéaslaidh go tóin na mara.

I dtaca le leabhartha an lae inniu, tá na scríbhneoirí, na foilsitheoirí, na dearthóirí, na clódóirí, na léitheoirí (d'ainneoin go leor a bheith ag léamh ar líne) ann, ach níl margaíocht leabhartha Gaeilge ar fud na tíre mar ba chóir, agus tá moltaí agus gearáin déanta fá sin ag scríbhneoirí agus léitheoirí le blianta fada. Cuireann sé isteach go mór orm nuair a thig daoine chugam ar fud na Gaeltachta ag cur ceiste orm: "Cén áit a dtig liom an leabhar sin a fháil?" Tá leabhartha d'ardchaighdeán, idir dhearthóireacht agus eile, ag teacht ó fhoilsitheoirí na Gaeilge, agus níl fáth ar bith nár chóir do na leabhartha sin a bheith ar comhchéim le leabhartha Béarla ar a laghad sna mórshiopaí leabhartha i ngach contae in Éirinn agus áiteacha a bhfuil ráchairt orthu thar lear. Tá lucht díolaíochta agus margaíochta oiriúnach don ghairm sin de dhíth, agus níl aon amhras orm, ach tacaíocht cheart a fháil ó lucht údaráis, go gcuirfeadh siad go mór le díolaíocht leabhartha Gaeilge agus go ndíolfadh an phroifíd as a gcuid costas go maith. Tugaimis faoi, agus ná bíodh muid leathchosach i

3.

neartú ár litríochta. Tugaimis faoi mhaoiniú ceart do na hirisí chomh maith, leis an bhunchloch a leagan do mhórán scríbhneoirí óga a bheas ag teacht.

Chomh maith leis na hirisí, níor chóir domh gan trácht ar mhórán eile a chuidigh liom agus mé ag streachailt le obair chruthaíoch i dtús mo ré sna 1950idí, daoine mar an Dr Proinsias Mac Canna, Máirtín Ó Cadhain, Tomás Mac Gabhann, Seosamh Mac Dónaill, Gréagóir Ó Dúill, Tomás de Bhaldraithe, Aodh Mag Eoin, agus mo sheanchairde Séamas Mac Mathúna is Diarmaid Ó Doibhlin a d'imigh uainn le goirid.

Sa leabhar seo tá dhá ghearrscéal is fiche curtha le chéile. Cinn úra nach raibh i gcló cheana atá i gCuid I, agus i gCuid II gearrscéalta éagsúla a bhí i gcló in irisí ag dul siar go dtí 1986. Ar *Comhar* a céadfhoilsíodh 'Abar na Bó' (Nollaig 1995), 'An Capall Dubh'—scéal a bhain Duais Cheiliúrtha an Bhlascaoid/ *Foinse*, agus Duais Chomhairle Bhaile Bhrigín (2005)—agus 'Fear agus Madadh' (Nollaig 2007). Ar *An tUltach* a céadfhoilsíodh 'An Bháisteach' (Márta 1992), 'Peil Coláiste', a bhain duais Oireachtais (Deireadh Fómhair 1992) agus 'An Péas Beag Cruptha' (Feabhra 2002). Ar *Feasta* a céadfhoilsíodh 'An Saighdiúir Tréigthe' (Lúnasa 1986), 'Cumha an Bháis' (Eanair 1992) agus 'Cor sa Chinniúint', a bhain duais Oireachtais (Meitheamh 1996). Ar *Lá* a céadfhoilsíodh 'Buairt an Iascaire' (10 Lúnasa 2005) agus 'Bata an tSagairt', a bhain duais Oireachtais (20 Iúil 1995).

Chomh maith le spreagadh na n-irisí, tá mé go mór faoi chomaoin ag m'fhoilsitheoir Pádraig Ó Snodaigh, a bhfuil ceithre bhunleabhar déag de mo chuid foilsithe cheana féin aige agus a mhol domh gearrscéalta áithride a bhí i gcló in irisí éagsúla a thabhairt le chéile anseo. Tháinig Somhairle Mac Conghail, oifigeach ealaíne Mhuineacháin, i gcabhair orm fosta. Ba mhór an cuidiú a thug Ealaín na Gaeltachta domh leis an leabhar seo chomh maith, agus thar na blianta Údarás na Gaeltachta, agus Comhairlí Contae Thír Chonaill is Mhuineacháin. Tá mé an-bhuíoch fosta do Chathal Mac

Fhionnlaoich, ealaíontóir as Rann na Feirste, iaroide scoile a bhfuil cónaí air anois i Leitir Ceanainn, a chuir an pictiúir maiseach clúdaigh ar fáil, mar a rinne sé le *Snathóg Fommaí*; do Réiltín Ní Chnáimhsí, a rinne an chlóscríbhneoireacht ar fad go héifeachtach; do Chathal Ó Diolúin, a chuidigh liom cheana agus a chuir comhairle orm fá chuid de na gearrscéalta seo.

Go speisialta, ba mhian liom mo bhuíochas a chur in iúl do mo theaghlach féin a tháinig chun tarrthála orm in obair éagsúil na scríbhneoireachta ó am go ham, agus do mo bhean chéile ionúin Gearóidín, nach bhfuil linn a thuilleadh, faraor. Ise a shiortaigh cuid de na gearrscéalta seo nuair a bhí siad caillte, a chuir ord ar na liostaí sa leabhar seo nuair a bhí siad in aimhréití, agus nár mhinic a d'aimsigh sí leabhar a chuaigh chun seachráin is a chuidigh sí liom ar achan dóigh le trí scór bliain, ach nach mbeidh an loinnir ghrámhar sin ag teacht chun cinn anois. Mar sin, nach mithid an leabhar seo a thiolacadh dithe?

Luaigh mé an borradh a chuir Conradh na Gaeilge faoin scríbhneoireacht i dtús a ré agus an borradh a chuir a gcuid irisí faoi spiorad an náisiúin. Is cinnte gur chuidigh na timirí taistil a bhí acu ar fud na tíre leis na cuspóirí sin. Is iomaí uachtarán a léirigh spéis nach beag i neartú stór leabhartha an Chonartha. Tá súil agam go bhfuil dearcadh úr dearfach ag teacht i réim sna húdaráis a bhfuil freagracht na Gaeilge orthu leis an spiorad sin a chothú arís. I dtaca leis an Chonradh de, tá uachtarán óg fuinniúil as an Iúr i mbun oibre, Niall Comer, a bhí seal ina eagarthóir ar *An tUltach* agus a rinne bainistiú éifeachtach ar an iris sin. Mheasfainn go mbeadh sé ag leanstan de thraidisiún Ultach eile: Peadar Mac Fhionnlaoich as Gleann tSúilí, 'Cú Uladh', a scríobh mórán leabhartha agus a rinne gníomhaíocht timireachta ar fud na tíre agus bladhaire na saoirse á chur chun cinn aige.

*Pádraig Ó Baoighill*

12-4-22

Cuid

| | | | Foilseacháin ón údar Pádraig Ó Baoighill | |
|---|---|---|---|---|
| | Leabhair | | | |
| 1 | Ó Baoighill, P. | 1993 | An Coileach Troda, | Coiscéim; BÁC |
| 2 | Ó Baoighill, P. | 1993, 1996 | Óglach na Rosann, | Coiscéim; BÁC |
| 3 | Ó Baoighill, P. | 1994 | Cuimhní ar Dhochartaigh Ghleann Fhinne. | Coiscéim; BÁC |
| 4 | Ó Baoighill, P. | 1998 | Nally as Maigh Eo | Coiscéim; BÁC |
| 5 | Ó Baoighill, P. | 2000, 2008 | Ó Ghleann go Fánaid | Coiscéim; BÁC |
| 6 | Ó Baoighill, P. | 2000 | Faoisidin Naomh Pádraig: Aistriúchán ar: Patrick in His Own Words | An tEaspag Ó Dufaigh, Veritas: BÁC |
| 7 | Ó Baoighill, P. | 2000 | Aimsir Óg (Cnuasacht) | Coiscéim; BÁC |
| 8 | Ó Baoighill, P. & Ó Baoill, M | 2001, 2009 | Amhráin Hiúdaí Fheilimí & Laoithe Fianaíochta as Rann na Feirste | Preas Uladh |
| 9 | Ó Baoighill, P. | 2001 | Srathóg Feamnaí agus Scéalta Eile | Coiscéim; BÁC |
| 10 | Ó Baoighill, P. | 2003 | Ceann Tíre, Earraghaidheal: Ár gComharsanaigh Gaelacha | Coiscéim; BÁC |
| 11 | Ó Baoighill, P. | 2004 | Gasúr Beag Baile na gCreach | Coiscéim; BÁC |
| 12 | Ó Baoighill, P. | 2005 | Faoi Scáth na Mucaise | Coiscéim; BÁC |
| 13 | Ó Baoighill, P. | 2007, 2012 | Ó Cadhain i dTír Chonaill | Coiscéim; BÁC |
| 14 | Ó Baoighill, P. | 2009, 2010 | Padaí Láidir Mac Culadh agus Gaeltacht Thír Eoghain | Coiscéim; BÁC |
| 15 | Ó Baoighill, P. | 2009 | An Marcach Óg | An Gúm: BÁC |
| 16 | Ó Baoighill, P. | 2010 | Scéalaí Mór Mhín an Lineacháin | Coiscéim; BÁC |
| 17 | Ó Baoighill, P. | 2011 | Oidhreacht Rann na Feirste 1 | Preas Uladh |
| 18 | Ó Baoighill, P. | 2015 | File Náisiúnta na hAlban: Robbie Burns - An Nasc le hÉirinn | Coiscéim; BÁC |
| 19 | Ó Baoighill, P. | 2017 | Stair Chonradh na Gaeilge in Albain & Aistí Albanacha Eile | Coiscéim; BÁC |
| 20 | Ó Baoighill, P. | 2018 | An Capall Dubh agus Scéalta Eile: Cnuasach Gearrscéalta | Coiscéim; BÁC |
| 21 | Ó Baoighill, P. | 2020 | Stair Gael linn i gCúige Uladh Sis den tSaoil | Gael linn; BÁC |
| 22 | Ó Baoighill, P. | 2020 | Sleacht Neill CLG Emmet | Comhaltas Uladh |
| 23 | Ó Baoighill, P. | 2020 2 | Mian na Saoirse | Coiscéim; BÁC |
| | | 2022 | Micheál Mhaicí Seanchaí as Rann na Feirste | Coiscéim BÁC |

| | | | Foilseacháin ón údar<br>Pádraig Ó Baoighill | |
|---|---|---|---|---|
| | **Leabhair** | | | |
| 1 | Ó Baoighill, P. | 1993 | An Coileach Troda, | Coiscéim; BÁC |
| 2 | Ó Baoighill, P. | 1993, 1996 | Óglach na Rosann, | Coiscéim; BÁC |
| 3 | Ó Baoighill, P. | 1994 | Cuimhní ar Dhochartaigh Ghleann Fhinne | Coiscéim; BÁC |
| 4 | Ó Baoighill, P. | 1998 | Nally as Maigh Eo | Coiscéim; BÁC |
| 5 | Ó Baoighill, P. | 2000, 2008 | Ó Gleann go Fánaid | Coiscéim; BÁC |
| 6 | Ó Baoighill, P. | 2000 | Faoisidin Naomh Pádraig: Aistriúchán ar: Patrick in His Own Words | An tEaspag Ó Dufaigh, Veritas: BÁC |
| 7 | Ó Baoighill, P. | 2000 | Aimsir Óg (Cnuasacht) | Coiscéim; BÁC |
| 8 | Ó Baoighill, P. & Ó Baoill, M | 2001, 2009 | Amhráin Hiúdaí Fheilimí & Laoithe Fianaíochta as Rann na Feirste | Preas Uladh |
| 9 | Ó Baoighill, P. | 2001 | Srathóg Feamnaí agus Scéalta Eile | Coiscéim; BÁC |
| 10 | Ó Baoighill, P. | 2003 | Ceann Tíre, Earraghdidheal: Ár gComharsanaigh Gaelacha | Coiscéim; BÁC |
| 11 | Ó Baoighill, P. | 2004 | Gasúr Beag Baile na gCreach | Coiscéim; BÁC |
| 12 | Ó Baoighill, P. | 2005 | Faoi Scáth na Mucaise | Coiscéim; BÁC |
| 13 | Ó Baoighill, P. | 2007, 2012 | Ó Cadhain i dTír Chonaill | Coiscéim; BÁC |
| 14 | Ó Baoighill, P. | 2009, 2010 | Padaí Láidir Mac Culadh agus Gaeltacht Thír Eoghain | Coiscéim; BÁC |
| 15 | Ó Baoighill, P. | 2009 | An Marcach Óg | An Gúm: BÁC |
| 16 | Ó Baoighill, P. | 2010 | Scéalaí Mór Mhín an Lineacháin | Coiscéim; BÁC |
| 17 | Ó Baoighill, P. | 2011 | Oidhreacht Rann na Feirste 1 | Preas Uladh |
| 18 | Ó Baoighill, P. | 2015 | File Náisiúnta na hAlban: Robbie Burns - An Nasc le hÉirinn | Coiscéim; BÁC |
| 19 | Ó Baoighill, P. | 2017 | Stair Chonradh na Gaeilge in Albain & Aistí Albanacha Eile | Coiscéim; BÁC |
| 20 | Ó Baoighill, P. | 2018 | An Capall Dubh agus Scéalta Eile: Cnuasach Gearrscéalta | Coiscéim; BÁC |
| 21 | Ó Baoighill, P. | 2020 (handwritten correction) | Stair Gael linn i gCúige Uladh Slis den tSaoil | Gael linn; BÁC |
| 22 | Ó Baoighill, P. | 2020 (handwritten correction) | Sleacht Neill CLG Emmet | Comhaltas Uladh |
| 23 | Ó Baoighill, P. | 2020 (handwritten correction) | Mian na Saoirse | Coiscéim; BÁC |
| | | 2022 | [illegible] ar Rann na Feirste | Coiscéim BÁC |

PÓB
[illegible]

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Caibidil i leabhair | | | |
| 22 | Ó Baoighill, P. | 1981 | Seachtain ar an Bhlainciad | Leabhrán Coiste Náisiúnta Poblachtach Ard Mhacha |
| 23 | Ó Baoighill, P. | 2000 | The Irish Language in Tyrone: Caibidil in Tyrone History and Society | Geography Publications: BÁC |
| 24 | Ó Baoighill, P. | 2007 | Lón Léitheoireachta. Cnuasach Gearrscéal | Coiscéim; BÁC |
| 25 | Ó Baoighill, P. | 2007 | Blaininis 7, Scéalaíocht & Scéalaithe Bann na Feirste | Carbad Rath Chairn, Co. na Mí |
| 26 | Ó Baoighill, P. | 2011 | Féilscríbhín Anraí Mac Giolla Chomhaill, Dúchas agus Oidhreacht Chlann Mhic Grianna | Coiscéim; BÁC |
| 27 | Ó Baoighill, P. | 2011 | Stracfhéachaint ar Chainteoirí Dúchais Ard Mhacha | Seanchas Ard Mhacha: Ard Mhacha (Iris) |
| 28 | Ó Baoighill, P. | 2012 | Litríocht na nÓg i nGaeltacht Thír Chonaill in Codladh Céad Bliain: (Cnuasach) Aistí ar Litríocht na nÓg, Nic Congáil, Ríona. Eag. | Bliain Leabhair COMHAR; BÁC |
| 29 | Ó Baoighill, P. | 2016 | Cuimhne ar Lucht Iompair na Fiannaíochta caibidil in Guth an Iar Thuaiscirt, | Ollscoil Mhic Aoidh: Doire |
| 30 | Ó Baoighill, P. | 2016 | Ag Siúl an Bhealaigh Mhóir (aiste in ómós don Ollamh Nollaig Mac Congáil), Scríbhneoirí Tosaigh an tUlach | Ollscoil na Gaillimhe: Leabhar Comhar |
| 31 | Ó Baoighill, P. | 2017 | Cainteoirí Dúchais Fhearnmhaí: (Caibidil) Monaghan History and Society | Geography Publications: BÁC |
| 32 | Ó Baoighill, P. | 2017 | Scríbhneoir as Cloich Cheann Fhaolaidh, aiste i leabhar: As Smaointiú tig Gníomh, An Dr Seosamh Ó Ceallaigh, Coláiste Uladh: An Ghaeilge agus 1996 | Coláiste Uladh: Dún na nGall |
| 33 | Ó Baoighill, P. | 2017 | Stair & Oidhreacht Chlann Mhic Grianna in Éigse Loch Lao 3 (Caibidil) (2016) | Currach Bhán: Ollscoil Uladh |
| 34 | Ó Baoighill, P. | 2017 | Gearrscéal i Leabhair cuimhneacháin na mbráithre Críostaí Muineachán | Muineachán |